

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**

**Turas na Croise gach Domhnach @ 5.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**CLÚDACH SEACHTAINIÚLA 2025**

**Tá na boscaí clúdaigh do Bhailiúchán na Séipéal 2025 réidh le bailiú.**

**Tá cúpla ceann fós le bailiú. Muna bhfuair tú bosca buail isteach chuig Oifig an Pharóiste chun Clúdach a fháil. Nó chuig Máirín tar éis aifreann.**

***Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.***



Comhghairdeas le gasúr Rang 6 ó Scoil Éinne agus Rang 5 & 6 as Scoil Cholmcille, Ros a'Mhíl a rinne Cóineartú an Máirt seo caite.


Comhghairdeas le Rang 2 Scoil Éinne a rinne Céad Chomaoineach inné i gCill Éinde.

***Buíochas mór leis na múinteoirí sa dá scoil agus iad ag réiteach na ngasúr chun an creideamh a bheith acu ina saol len iad a spreagadh agus a neartú, iad a threorú agus a thionlacan, agus chun cuidiú leo i gcónaí.***

**Guímid Beannacht Dé orthu.**

Oilithreacht Dheoise na Gaillimhe go Lourdes 2025
24—30 Meitheamh 2025

Féach clár na bhFógraí






*Lá na Máithreacha Sona*

**Más mian leat síntiús a thabhairt don bparóiste ar líne seo leanas uimhir cuntais.**

| | | |
|---|---|---|
| Cill Éinde (Paróiste) | IBAN: IE81AIBK93740104660088 | BIC: AIBKIE2D |
| Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt) | IBAN: IE50AIBK93740104660161 | BIC: AIBKIE2D |



# Paróiste An Spidéil
## An Ceathrú Domhnach den Charghas
## 29ú / 30ú Márta 2025


An tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie


## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL** |
| Dé Domhnaigh | 30ú | 11:00r.n | 1)Peig O'Toole (Peig Mhary Carr) **Céad Cuimhneachán** *Seannaghurráin/Boston*<br>2)Pádraic Ó Fátharta, a bhean Mairéad & iníon Bríd *Coilleach*<br>3)Peadar Breathnach, a bhean Mairéad & clann *Coilleach/Camus*<br>4)Léitheoirí, aisteoirí, cúntóirí, drámadóirí an Chumann Scoildrámaíochta atá imithe ar shlí na fírinne |
| Dé Céadaoin | 2ú | 10.00r.n | Catherine Redmond *Coill Rua Thiar* |
| Déardaoin | 3ú | 10.00r.n | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 4ú | 10.00r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 6ú | 11.00r.n. | Seán & Bríd Bn Uí Chualáin *Teach Mór Thoir*<br>An tAth. Colm Ó Conchubhair *Leitir Meas/California* |
| | | ⌖ | **CILL TREASA, ROS A' MAIL** |
| Dé Sathairn | 29ú | 6.30i.n. | Pete Mac Donnacha & a mhac Micheál *Ros a'Mhíl*<br>Pádraic Willie & a bhean Margaret Mary Mac Donnacha<br>**5ú Cuimhneacháin** *Minna* |
| Dé Sathairn | 5ú | 6.30i.n | Mary Mc Keown **Cinn Míosa** *Ros a'Mhíl*<br>Cóilín Ó Cualáin (Craven), deifiúir Mary, deartháireacha Michael & Tom, Eileen bean céile Tom, & tuismitheoirí Pádraic & Delia Ó Cualáin *Ros a'Mhíl* |
| | | ⌖ | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 30ú | 9.30r.n. | |
| Dé Domhnaigh | 6ú | 9.30r.n. | Tommy Donohue 39ú cuimhneachn & muintir *Minna* |

**Loinneog don Iontróid** – cf. Ís 66:10-11
Bíodh lúcháir ort, a Iarúsailéim; bíodh tionól agaibh, sibhse uile a ghránn í; bíodh áthas agus lúcháir oraibh, sibhse uile a raibh brón oraibh ionas go mbeidh gliondar oraibh agus go sásófar sibh ó chíocha na sólás.

**An Chomhurnaí**
A Dhia, ar trí do Bhriathar a thugann tú an cine daonna chun athmhuintearais ar bhealach iontach, deonaigh, impímid ort, go mbeidh an pobal críostaí in ann brostú ar aghaidh, le dúthracht bheo agus le creideamh bríomhar, chun na sollúnacha atá romhainn, Trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Iósua – 5:9-12*
Dúirt an Tiarna le hIósua: 'Inniu is ea a bhain mé díbh aithis na hÉigipte.'

Shuigh clann Isráél a gcampa i nGilgal agus d'ith siad an Cháisc ann an ceathrú lá déag den mhí, um thráthnóna, ar mhachaire Ierichó. Lá arna mhárach tar éis na Cásca d'ith siad de thoradh na tíre sin, arán slim agus arbhar tíortha, an lá ceannann céanna. As sin amach, ón uair a d'ith siad toradh na tíre sin ar dtús, scoir an manna de bheith ag titim, i dtreo nach raibh a thuilleadh manna ag clann Isráél ach gurbh amhlaidh a d'ith siad de thoradh thír Chanán ón mbliain sin amach.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra –** Sm 33

*Fr: Blaisigí agus féachaigí a fheabhas atá an Tiarna.*

1. Beannóidh mé an Tiarna gach uile thráth,
beidh a mholadh ar mo bhéal de shíor.
Déanann m'anam mórtas as an Tiarna:
cluineadh lucht na huirísle
is déanaidís lúcháir. *(Fr)*
2. Móraigí an Tiarna mar aon liom,
agus adhraimis a ainm in éineacht.
Chuardaigh mé an Tiarna is d'fhreagair sé mé,
agus shaor mé ar gach uile eagla. *(Fr)*
3. Féachaigí ina threo
chun go mbeadh gliondar oraibh
is nach mbeadh luisne náire ar bhur n-aghaidh.
Scread an t-ainniseoir is chuala an Tiarna é,
agus shaor sé é óna anacraí go léir. *(Fr)*

**An Dara Léacht** *2 Coir 5:17-21*
*Sliocht as dara litir N. Pól chuig na Coirintigh*
Aon duine atá i bpáirt le Críost is duine é atá cruthaithe as an nua; tá an sean imithe i léig, féach, agus tá an nua tagtha ina áit. Is é Dia a thug an t-iomlán i gcrích: thug sé sinn chun athmhuintearais leis féin trí Chríost agus d'fhág an t-athmhuintearas mar chúram orainne. Is é a mheasaim a rá gur thug Dia an domhan chun athmhuintearais leis féin trí Chríost gan cionta na ndaoine a agairt orthu agus gur fúinne a d'fhág sé fógairt an athmhuintearais sin. Dá réir sin is ambasadóirí thar ceann Chríost sinne, mar gur trínne atá Dia ag achainí oraibh; agus is é a iarraimid oraibh in ainm Chríost muintearas a dhéanamh le Dia. Mar an té úd nárbh eol dó an peaca, rinne Dia páirteach sa pheaca é d'fhonn go mbeimisne páirteach leis i bhfíréantacht Dé.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Véarsa** – Le 15:18
Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: 'A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse.'

**Soiscéal** *Lúcás 15*:1-3, 11-32
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de N. Lúcás*
**Glóir duit, a Thiarna.**
Bhí na poibleacánaigh agus na peacaigh uile ag teacht i ngar d'Íosa chun bheith ag éisteacht leis. Agus bhí na Fairisínigh agus na scríobhaithe ag monabhar: 'Glacann an duine seo peacaigh chuige,' deiridís, 'agus itheann sé ina gcuibhreann.' Agus labhair sé an parabal seo leo: 'Bhí fear ann a raibh beirt mhac aige. Agus dúirt an duine ab óige acu lena athair: "A athair, tabhair dom an chuid den sealúchas atá ag titim chugam." Agus roinn sé a mhaoin shaolta eatarthu. Agus i gcionn beagán laethe, tar éis don mhac ab óige gach ní a bhailiú le chéile, d'imigh sé ar an gcoigrích go tír i gcéin, agus scaip a shealúchas ansiúd, ag tabhairt a shaoil go drabhlásach. Nuair a bhí gach aon ní caite aige, tháinig gorta millteach sa tír sin, agus thosaigh sé féin bheith in uireasa. D'imigh sé agus rinne fostú le duine de mhuintir na tíre sin, agus chuir seisean faoina chuid talún é ag aoireacht mhuc. Agus ba é ba mhian leis a bholg a líonadh de na féithleoga d'itheadh na muca, agus ní thugadh aon duine dó iad. Ach tháinig sé chuige féin agus dúirt: "Cá liacht de lucht tuarastail ag m'athair go bhfuil fuílleach aráin acu, agus mise anseo ag fáil bháis den ghorta! Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm; déan díom mar a bheadh duine de do lucht tuarastail." Chuir sé chun bóthair ag triall ar a athair. Ach le linn dó fós bheith i bhfad uaidh, chonaic a athair é agus ghabh trua é, agus rith sé chuige, á chaitheamh féin ar a bhráid agus á ,mhúchadh le póga. Dúirt an mac leis: "A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm." Ach dúirt an t-athair lena sheirbhísigh: "Beirigí amach gan mhoill an éide is uaisle agus cuirígí air í, agus cuirígí fáinne ar a mhéar agus cuaráin ar a chosa, agus tugaígí an lao biata agus maraígí é, agus bímis ag ithe agus ag aoibhneas; óir bhí an mac seo agam marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é." Agus thosaíodar ag déanamh aoibhnis.

'Bhí an mac ba shine aige ar fud na talún, agus nuair a tháinig sé i ngar don teach, chuala an ceol agus an rince. Ghlaoigh sé chuige duine de na giollaí, agus d'fhiafraigh de cad é an rud é seo a bhí ar bun. Dúirt seisean leis: "Do dheartháir a bheith tagtha, agus mharaigh d'athair an lao biata de chionn go bhfuair sé ar ais slán é." Ach bhí fearg air agus níorbh áil leis dul isteach. Tháinig a athair amach ag achainí air. Ach dúirt sé lena athair á fhreagairt: "Féach féin a bhfuilim de bhlianta ag seirbhís duit agus ní dheachaigh mé riamh thar do réir, agus riamh níor thug tú dom mionnán gabhair chun go ndéanfainn aoibhneas le mo chairde. Ach an mac seo agat nuair a tháinig sé, tar éis do mhaoin shaolta a ídiú le striapacha, mharaigh tú an lao biata dó." Ach dúirt sé leis: "A mhic, bíonn tusa liom i gcónaí, agus gach a bhfuil agam is leat; ach bhí sé ceart aoibhneas a dhéanamh agus áthas, óir bhí an deartháir seo agat marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é." ' *Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

**Seanmóir na Seachtaine: Aoi-chainteoir ag labhairt faoi gcarthanacht 'Trócaire'**

***An Chré:***
**Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi
Phointias Píoláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá
de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir;
chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir,
mar aon leis an Athair agus leis an Mac:
is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda. Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

[An] té ólfas an fíon seo, ólfaidh sé an fhuil
A bhí ag tíocht 'na braonta as mo thaobhsa.

**Os Cionn na nOfrálacha** *(Seasann)*
A Thiarna, ofrálaimid duit bronntanais an leighis shíoraí le háthas croí, agus muid ag iarraidh go humhal ort a thabhairt orainn ómós dílis a thabhairt dóibh, agus iad a ofráil go cuí ar son shlánú an domhain. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh:*
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Comaoineach*

**An Iarchomaoineach** *(Seasann)*
A Dhia, a shoilsíonn gach duine agus é ag teacht ar an saol seo, soilsigh ár gcroíthe le gile do ghrásta, impímid ort, ionas go mbeidh ar ár gcumas ár n-aigne a dhíriú i gcónaí ar nithe atá cuí agus a thaitníonn le do mhórgacht, agus grá a thabhairt duit le croí gan chlaon. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**